2026/1869

28.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1869 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Iúil 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/194 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na scéimeanna speisialta do dhaoine inchánach a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine neamh-inchánach nó a dhéanann ciandíolacháin earraí, soláthairtí intíre áirithe earraí nó aistriú earraí dílse

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 an 7 Deireadh Fómhair 2010 ón gComhairle maidir le comhar riaracháin agus comhrac na calaoise i réimse na cánach breisluacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 47l, pointí (a) agus (b), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2025/516 ón gComhairle ([2]), leasaíodh Treoir 2006/112/CE ón gComhairle ([3]) chun síneadh a chur le scéimeanna speisialta áirithe do dhaoine inchánach a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine neamh-inchánach, nó a dhéanann ciandíolacháin earraí nó soláthairtí intíre áirithe earraí dá bhforáiltear i dTreoir 2006/112/CE, agus cuireadh scéim speisialta nua léi.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/194 ón gCoimisiún ([4]), leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis na scéimeanna speisialta do dhaoine inchánach a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine neamh-inchánach, a dhéanann ciandíolacháin earraí agus soláthairtí intíre áirithe earraí.

(3) I bhfianaise na leasuithe is déanaí ar Threoir 2006/112/CE agus ar Rialachán (AE) Uimh. 904/2010, is gá Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/194 a leasú, a thabhairt cothrom le dáta agus a shoiléiriú chun leanúint d'fheidhmiú cuí agus slán na scéimeanna speisialta uile a áirithiú agus chun comhchuibhiú an tuairiscithe leictreonaigh a ráthú ar fud na scéimeanna uile chomh maith le tacú le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach ó Bhallstát go chéile.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/194 a leasú dá réir sin.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán Cur Chun Feidhme seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Chomhar Riaracháin,

([1]) IO L 268, 12.10.2010, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/904/oj.
([2]) Treoir (AE) 2025/516 an 11 Márta 2025 ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach (IO L, 2025/516, 25.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2025/516/oj).
([3]) Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj).
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/194 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2020 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na scéimeanna speisialta do dhaoine inchánach a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine neamh-inchánach, a dhéanann ciandíolacháin earraí agus soláthairtí intíre áirithe earraí (IO L 40, 13.2.2020, lch. 114, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/194/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/194

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/194 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (2) agus (4):

'(2) ciallaíonn "scéim an Aontais" an scéim speisialta do chiandíol earraí laistigh den Chomhphobal, do sholáthairtí áirithe earraí laistigh de Bhallstát arna ndéanamh ag duine inchánach agus do sheirbhísí áirithe arna soláthar ag daoine inchánach atá bunaithe laistigh den Chomhphobal ach nach bhfuil bunaithe sa Bhallstát tomhaltais dá bhforáiltear i dTeideal XII, Caibidil 6, Roinn 3 de Threoir 2006/112/CE;',

'(4) ciallaíonn "scéim i dtaca le haistriú earraí dílse" an scéim speisialta i dtaca le hearraí dílse a aistriú dá bhforáiltear i dTeideal XII, Caibidil 6, Roinn 5, de Threoir 2006/112/CE;';

(b) cuirtear an pointe (5) seo a leanas isteach:

'(5) ciallaíonn "scéimeanna speisialta" an scéim nach scéim de chuid an Aontais í, scéim an Aontais, an scéim allmhairiúcháin agus an scéim i dtaca le haistriú earraí dílse.';

(2) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) ní mór dó an tsaoráid a thairgeadh chun an fhaisnéis, atá le soláthar de bhun Airteagail 361 nó 369p de Threoir 2006/112/CE, agus aon athrú ar an bhfaisnéis, agus an fhaisnéis atá le háireamh sa tuairisceán CBL de bhun Airteagail 365, 369g, 369t nó 369xg de Threoir 2006/112/CE a shábháil, sula ndéantar an fhaisnéis nó an t-athrú sin a thíolacadh;';

(3) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

'(e) faisnéis chun an duine inchánach a úsáideann an scéim i dtaca le haistriú earraí dílse a shainaithint.';

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) go (d):

'(a) colún C le haghaidh na scéime nach scéim Aontais í;

(b) colún D le haghaidh scéim an Aontais;

(c) colún E le haghaidh na scéime allmhairiúcháin i dtaca leis an duine inchánach a shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 369p(1) nó (3) de Threoir 2006/112/CE;

(d) colún F le haghaidh na scéime allmhairiúcháin i dtaca leis an idirghabhálaí a shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 369p(2) de Threoir 2006/112/CE;

(e) colún G le haghaidh an scéime i dtaca le haistriú earraí dílse.';

(c) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) agus (c)

'(a) go bhfuil sé eisiata ó cheann de na scéimeanna speisialta, nó scriosta ó chlár céannachta ceann de na scéimeanna speisialta, i gcomhréir le hAirteagal 363, Airteagal 369e, Airteagal 369r(1) nó (3) nó Airteagal 369xe de Threoir 2006/112/CE;';

'(c) go n-athraíonn sé an Ballstát aitheantais laistigh de scéim an Aontais, den scéim allmhairiúcháin nó den scéim i dtaca le haistriú earraí dílse.'

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Na huimhreacha aitheantais aonair CBL arna leithdháileadh ar dhaoine inchánach nó, de réir mar is infheidhme, i leith daoine inchánach de bhun Airteagal 369q(1) agus (3) de Threoir 2006/112/CE chomh maith leis an ainm, an seoladh poist, an seoladh leictreonach, an uimhir aitheantais CBL nó an uimhir aitheantais chánach náisiúnta, stádas mar dhuine inchánach a mheastar a fuair agus a sholáthair earraí i gcomhréir le hAirteagal 14a(1) agus, i gcás ina mbeidh fáil orthu, suíomhanna gréasáin de bhun Airteagal 369p(1) agus (3) den Treoir sin, déanfar iad a mhalartú go huathoibríoch idir an Ballstát aitheantais agus na Ballstáit eile trí chlár lárnach nó trí uirlis iontaofa comhroinnte sonraí eile ar bhealach lena n-áirithítear go mbeidh léargas ceart cothrom le dáta ag na Ballstáit i gcónaí ar bhailíocht na n-uimhreacha aitheantais CBL uile sin arna leithdháileadh ag na Ballstáit uile.';

(e) cuirtear an mhír 6 seo a leanas isteach:

'6. Chun cáilíocht na sonraí a áirithiú, réamhlíonfaidh an Ballstát aitheantais an fhaisnéis atá ar fáil cheana ina bhunachar sonraí náisiúnta maidir le daoine inchánach a iarrann a gclárú i scéim speisialta, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Tá an duine inchánach freagrach as cruinneas na sonraí.';

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

'*Airteagal 4*

Tuairisceán CBL arna thíolacadh ag an duine inchánach nó ag an idirghabhálaí

1. Cuirfidh an duine inchánach nó, i gcás inarb infheidhme i gcás na scéime allmhairiúcháin, an t-idirghabhálaí a ghníomhaíonn thar ceann an duine inchánach sin na tuairisceáin CBL faoi bhráid an Bhallstáit aitheantais leis na mionsonraí a cheanglaítear de bhun Airteagal 365, 369g, 369t nó 369xg de Threoir 2006/112/CE trí úsáid a bhaint as an teachtaireacht leictreonach choiteann a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo. Úsáidfear colún C den teachtaireacht leictreonach choiteann sin le haghaidh na scéime nach scéim Aontais í, colún D le haghaidh scéim an Aontais, colún E le haghaidh na scéime allmhairiúcháin agus colún F le haghaidh na scéime i dtaca le haistriú earraí dílse.

2. I gcás nach ndéanann duine inchánach aon soláthairtí earraí nó seirbhísí ná aon aistriú earraí dílse ná aon choigeartú ar asbhaint faoi scéim speisialta in aon Bhallstát laistigh de thréimhse chánach agus nach bhfuil aon leasú le déanamh aige ar thuairisceáin CBL roimhe sin, líonfaidh an duine inchánach sin tuairisceán CBL nialais isteach. Chun na críche sin, ní líonfaidh an duine inchánach isteach ach na boscaí seo a leanas den teachtaireacht leictreonach choiteann a leagtar amach in Iarscríbhinn III:

(a) boscaí 1, 2, 2a, 2b, 9 agus 27 le haghaidh na scéime nach scéim Aontais í;

(b) boscaí 1, 2, 2a, 2b, 23 agus 27 le haghaidh scéim an Aontais;

(c) boscaí 1, 1a, 2, 2a, 2b, 9 agus 27 le haghaidh na scéime allmhairiúcháin;

(d) boscaí 1, 2, 2a, 2b, 4 agus 28 le haghaidh na scéime i dtaca le haistriú earraí dílse.

3. Ní cheanglófar ar an duine inchánach nó, i gcás inarb infheidhme i gcás na scéime allmhairiúcháin, ar an idirghabhálaí a ghníomhaíonn thar ceann an duine inchánach sin na soláthairtí a bhaineann le Ballstát tomhaltais a chur isteach ach amháin má rinneadh soláthairtí earraí nó seirbhísí faoi na scéimeanna speisialta sa Bhallstát sin laistigh den tréimhse chánach.

Ní cheanglófar ar an duine inchánach na haistrithe a chumhdaítear leis an scéim i dtaca le haistriú earraí dílse chuig Ballstát a áireamh ach amháin má rinneadh na haistrithe chuig an mBallstát sin laistigh den tréimhse chánach.

Ina theannta sin, i gcás scéim an Aontais, ní cheanglófar ar an duine inchánach na soláthairtí earraí dá dtagraítear in Airteagal 369g(2), pointí (a), (b), (c) agus (d), de Threoir 2006/112/CE a bhaineann le Ballstát earraí a chur isteach ach amháin más rud é gur soláthraíodh na hearraí a chumhdaítear le scéim an Aontais sa Bhallstát sin nó ón mBallstát sin laistigh den tréimhse chánach. Ar an gcaoi chéanna, ní cheanglófar ar an duine inchánach na soláthairtí seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 369g(2), pointe (d), agus (3) de Threoir 2006/112/CE ó Bhallstát bunaíochta a chur isteach ach amháin má rinneadh na soláthairtí sin faoi scéim an Aontais ón mBallstát sin laistigh den tréimhse chánach.

I gcás na scéime i dtaca le haistriú earraí dílse, ní cheanglófar ar an duine inchánach na haistrithe dá dtagraítear in Airteagal 369xg(2) de Threoir 2006/112/CE a bhaineann le Ballstát ina seoltar nó ina n-iompraítear earraí a chumhdaítear leis an scéim i dtaca le haistriú earraí dílse a chur isteach ach amháin más rud é gur seoladh nó gur iompraíodh earraí a chumhdaítear leis an scéim i dtaca le haistriú earraí dílse ón mBallstát sin laistigh den tréimhse chánach.';

(5) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'Déanfaidh an Ballstát aitheantais an fhaisnéis atá sa tuairisceán CBL dá dtagraítear in Airteagal 4(1) a sheoladh tríd an Líonra Cumarsáide Coiteann/trí Chomhéadan Coiteann na gCóras, agus úsáid á baint as an teachtaireacht leictreonach choiteann a leagtar amach in Iarscríbhinn III i ngach ceann de na cásanna seo a leanas:

(a) chuig gach Ballstát tomhaltais, nó chuig gach Ballstát ina n-aistrítear earraí, a luaitear sa tuairisceán CBL;

(b) i gcás scéim an Aontais, chuig gach ceann de na Ballstáit seo a leanas a luaitear sa tuairisceán CBL:

(i) gach Ballstát óna seoltar nó óna n-iompraítear earraí;

(ii) gach Ballstát bunaíochta óna soláthraítear seirbhísí;

(c) i gcás na scéime i dtaca le haistriú earraí dílse, chuig gach Ballstát óna n-aistrítear earraí, a luaitear sa tuairisceán CBL.'.

Airteagal 2

Leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/194

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/194 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/194 a ionadú

Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/194.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagail 1 agus 3 ón 1 Iúil 2028.

Beidh feidhm ag Airteagal 2 ón 1 Eanáir 2027 go dtí an 30 Meitheamh 2028.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Leasaítear mar a leanas IARSCRÍBHINN I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/194:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró 8 agus ró 20:

‘8	Suíomh gréasáin/suíomhanna gréasáin an duine inchánach, i gcás ina bhfuil siad ar fáil	Suíomh gréasáin/suíomhanna gréasáin an duine inchánach, i gcás ina bhfuil siad ar fáil	Suíomh gréasáin/suíomhanna gréasáin an duine inchánach, i gcás ina bhfuil siad ar fáil	’
‘20		Táscaire cibé an grúpa CBL ([14]) ([15]) an duine inchánach nó nach ea	Táscaire cibé an grúpa CBL ([14]) ([15]) an duine inchánach nó nach ea	’

(2) Sna fonótaí, cuirtear an fonóta seo a leanas isteach:

‘([15]) Más grúpa CBL an duine inchánach, níor cheart buanbhunaíochtaí gnó a sholáthar i mbosca 13.’

IARSCRÍBHINN II

'IARSCRÍBHINN II

Mionsonraí aitheantais

		Scéim					
A	B	C	D	E	F	G	H
Uimh. an bhosca	Eilimint sonraí	nach scéim Aontais í	an Aontais	Allmhairiúcháin	Idirghabhálaí	Aistrithe	Míniú breise
Aitheantas sa Bhallstát aitheantais							
1 (*)	Uimhir aitheantais aonair CBL don duine inchánach arna leithdháileadh ag an mBallstát aitheantais i gcomhréir le hAirteagal 362 de Threoir 2006/112/CE	x					Formáid atá le leanúint: EUxxxyyyyyz, inarb é xxx cód uimhriúil ISO 3-dhigit an Bhallstáit aitheantais, inarb é yyyyy an uimhir 5-dhigit a shann an Ballstát aitheantais agus inar digit seiceála é z.
1 (*)	Uimhir aitheantais aonair CBL don duine inchánach arna leithdháileadh ag an mBallstát aitheantais i gcomhréir le hAirteagal 369d agus/nó Airteagal 369xd de Threoir 2006/112/CE, lena n-áirítear an cód tíre		x			x	
1 (*)	Uimhir aitheantais aonair CBL don duine inchánach arna leithdháileadh ag an mBallstát aitheantais i gcomhréir le hAirteagal 369q(1) nó (3) de Threoir 2006/112/CE			x			Formáid atá le leanúint: IMxxxyyyyyyz, inarb é xxx cód uimhriúil ISO 3-dhigit an Bhallstáit aitheantais, inarb é yyyyyy an uimhir 6-dhigit a shann an Ballstát aitheantais agus inar digit seiceála é z .
1 (*)	Uimhir aitheantais aonair don idirghabhálaí arna leithdháileadh ag an mBallstát aitheantais i gcomhréir le hAirteagal 369q nó (2) de Threoir 2006/112/CE				x		Formáid atá le leanúint: INxxxyyyyyyz, inarb é xxx cód uimhriúil ISO 3-dhigit an Bhallstáit aitheantais, inarb é yyyyyy an uimhir 6-dhigit a shann an Ballstát aitheantais agus inar digit seiceála é z.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1869/oj

		Scéim					
A	B	C	D	E	F	G	H
Uimh. an bhosca	Eilimint sonraí	nach scéim Aontais í	an Aontais	Allmhairiúcháin	Idirghabhálaí	Aistrithe	Míniú breise
1a (*)	Má dhéanann idirghabhálaí ionadaíocht ar an duine inchánach, leithdháiltear uimhir aitheantais aonair an idirghabhálaí sin i gcomhréir le hAirteagal 369q(2) de Threoir 2006/112/CE			x			
2a (*)	Uimhir aitheantais CBL do dhuine inchánach atá bunaithe san Aontas sa Bhallstát aitheantais		x	x	x	x	Uimhir aitheantais CBL do dhuine inchánach atá bunaithe san Aontas i gcomhréir le hAirteagal 214 de Threoir 2006/112/CE. Is í sin an uimhir a sholáthraítear i mbosca 1 le haghaidh scéim an Aontais agus na scéime i dtaca le haistriú earraí dílse.
2b	Uimhir chánach náisiúnta a d'eisigh an tír ina bhfuil a áit ghnó ag an duine inchánach mura bhfuil sin laistigh den Aontas	x	x	x	x	x	Níor cheart an bosca seo a líonadh isteach ach amháin i gcás ina bhfuil an áit ghnó lasmuigh den Aontas.
3	An tír ina bhfuil a áit ghnó ag an duine inchánach mura bhfuil sin laistigh den Aontas	x	x	x	x	x	- Sainordaitheach i gcás duine inchánach nach bhfuil bunaithe san Aontas, nó - Sainordaitheach i gcás duine inchánach atá bunaithe san Aontas agus a bhfuil áit ghnó aige lasmuigh den Aontas
4	Dearbhú leictreonach nach bhfuil an duine inchánach bunaithe laistigh den Aontas	x	x	x		x	Fíor mura bhfuil an duine inchánach bunaithe san Aontas
5 (*)	Ainm na cuideachta	x	x	x	x	x	Ainm dlíthiúil na cuideachta atá cláraithe sa Bhallstát bunaíochta agus an t-ainm a thugtar ar an gcuideachta.

		Scéim					
A	B	C	D	E	F	G	H
Uimh. an bhosca	Eilimint sonraí	nach scéim Aontais í	an Aontais	Allmhairiúcháin	Idirghabhálaí	Aistrithe	Míniú breise
6	Trádainm/trádainmneacha na cuideachta murab ionann é/iad agus ainm na cuideachta	x	x	x	x	x	
7	Suíomh gréasáin/suíomhanna gréasáin an duine inchánach nó na cuideachta inchánach, i gcás ina bhfuil siad ar fáil	x	x	x		x	
Sonraí teagmhála							
8	Ainm an teagmhálaí	x	x	x	x	x	
9	Uimhir ghutháin an teagmhálaí	x	x	x	x	x	Ní mór réamhuimhir na tíre ábhartha a chur san áireamh leis an uimhir
10	Seoladh ríomhphoist an teagmhálaí	x	x	x	x	x	Ba cheart gurb é seoladh ríomhphoist an duine inchánach a úsáidfear chun comhfhreagras a dhéanamh leis na riaracháin chánach a bheadh anseo.
11 (*)	Seoladh poist:	x	x	x	x	x	-Seoladh poist iomlán áit ghnó, lasmuigh den Aontas, an duine inchánach nach bhfuil bunaithe san Aontas , nó -Seoladh poist iomlán, laistigh den Aontas, áit ghnó/ bhunaithe an duine inchánach atá bunaithe san Aontas
Sonraí cuntais							
12a (*)	IBAN	x	x	x	x	x	I gcás na scéime allmhairiúcháin, tá IBAN le soláthar i gcás nach ndéanann idirghabhálaí ionadaíocht ar an duine inchánach
12b	OBAN	x					I gcás nach bhfuil IBAN ar fáil agus sa chás sin amháin
13	Uimhir BIC	x					Sainordaitheach i gcás uimhir OBAN, roghnach i gcás uimhir IBAN

		Scéim					
A	B	C	D	E	F	G	H
Uimh. an bhosca	Eilimint sonraí	nach scéim Aontais í	an Aontais	Allmhairiúcháin	Idirghabhálaí	Aistrithe	Míniú breise
Aitheantais eile							
14.1a	Uimhir aitheantais aonair CBL/ uimhir thagartha chánach aonair/ uimhreacha tagartha cánach aonair arna heisiúint nó arna n-eisiúint ag Ballstát ina bhfuil buanbhunaíocht ghnó ag an duine inchánach, seachas an Ballstát aitheantais		x	x	x	x	Ní féidir ach buanbhunaíocht ghnó amháin a sholáthar in aghaidh an Bhallstáit. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil níos mó ná buanbhunaíocht ghnó amháin laistigh den Aontas, úsáid bosca 14.2a, 14.3a, etc. Níor cheart an fhaisnéis sin a sholáthar ach amháin mura grúpa CBL é an duine inchánach.
14.1b	Seoladh poist iomlán na buanbhunaíochta gnó sin		x	x	x	x	I gcás ina bhfuil níos mó ná buanbhunaíocht ghnó amháin, úsáid bosca 14.2b, 14.3b, etc.
15.1	Uimhir aitheantais aonair CBL/ uimhreacha aitheantais aonair CBL/ uimhir thagartha chánach aonair arna heisiúint nó arna n-eisiúint ag Ballstát nach bhfuil buanbhunaíocht ghnó ag an duine inchánach ann	x	x	x	x	x	I gcás ina bhfuil níos mó ná aitheantas CBL amháin gan buanbhunaíocht ghnó, úsáid bosca 15.2, 15.3, etc.
16 (*)	Má táthar cláraithe le haghaidh na scéime le haghaidh fiontair bheaga, uimhir aitheantais aonair a leithdháiltear i gcomhréir le hAirteagal 284 de Threoir 2006/112/CE		x			x	Ní mór uimhir aitheantais EX a sholáthar i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 284(3) de Threoir 2006/112/CE
17 (*)	Uimhir aitheantais aonair CBL/ uimhreacha aitheantais aonair CBL arna leithdháileadh ag an mBallstát aitheantais i gcomhréir le hAirteagail 362, 369d, 369q nó 369xd de Threoir 2006/112/CE a d'úsáid an duine inchánach roimhe sin nó atá á húsáid aige faoi láthair lena chlárú i gceann de na scéimeanna ionaid ilfhreastail.	x	x	x		x	

		Scéim					
A	B	C	D	E	F	G	H
Uimh. an bhosca	Eilimint sonraí	nach scéim Aontais í	an Aontais	Allmhairiúcháin	Idirghabhálaí	Aistrithe	Míniú breise
17a (*)	Uimhir/uimhreacha an idirghabhálaí arna leithdháileadh ag an mBallstát aitheantais i gcomhréir le hAirteagal 369q(2) de Threoir 2006/112/CE má ghníomhaigh an t-idirghabhálaí amhlaidh roimhe sin.				x		
Táscairí							
18	Táscaire cibé an comhéadan leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 14a de Threoir 2006/112/CE an duine inchánach nó nach ea		x	x			Fíor más ardán a ghníomhaíonn mar sholáthróir measta é an duine inchánach
19 (*)	Táscaire i dtaobh cé acu is grúpa CBL an duine inchánach nó nach ea		x	x		x	Fíor más grúpa CBL an duine inchánach. Más fíor, níor cheart buanbhunaíochtaí gnó a sholáthar i mbosca 14.
Dátaí							
20	Dáta tosaithe: an dáta a thosnaíonn an duine inchánach ag úsáid na scéime	x	x	x		x	Féadfaidh an dáta sin a bheith roimh an dáta cláraithe le haghaidh scéim an Aontais, na scéime nach scéim de chuid an Aontais í agus na scéime i dtaca le haistriú earraí dílse freisin. I gcás na scéime allmhairiúcháin, is é an dáta tosaithe an dáta clárúcháin nuair a leithdháiltear uimhir ar an duine inchánach nó ar an idirghabhálaí laistigh den scéim speisialta i dtaca le ciandíol earraí a allmhairíodh ó thríú críocha nó ó thríú tíortha ("Ionad Ilfhreastail Allmhairiúcháin").

		Scéim					
A	B	C	D	E	F	G	H
Uimh. an bhosca	Eilimint sonraí	nach scéim Aontais í	an Aontais	Allmhairiúcháin	Idirghabhálaí	Aistrithe	Míniú breise
21 (*)	Dáta na hiarrata: an dáta a iarrann an duine inchánach é a chlárú faoin scéim	x	x	x	x	x	
22 (*)	An dáta cláraithe: an dáta a dhéanann an Ballstát aitheantais cinneadh maidir leis an gclárú a iarradh.	x	x	x	x	x	

(*) Sonraí atá le soláthar ag an mBallstát aitheantais, má tá siad ar fáil.

IARSCRÍBHINN II

Mionsonraí a bhaineann le stádas duine inchánach nó idirghabhálaí i gclár an Bhallstáit aitheantais

	Cód eisiaimh	An chúis le stádas an duine inchánach a athrú sa chlár	An chúis le stádas an idirghabhálaí a athrú sa chlár
An dáta óna mbeidh feidhm ag an athrú		Uimhir aitheantais aonair CBL duine inchánach arna leithdháileadh ag an mBallstát aitheantais, lena n-áirítear cód tíre chun é a chlárú leis an scéim nach scéim Aontais í, le scéim an Aontais, leis an Scéim Allmhairiúcháin agus leis an Scéim i dtaca le haistriú earraí dílse	Uimhir aitheantais aonair idirghabhálaí arna leithdháileadh ag an mBallstát aitheantais, lena n-áirítear cód tíre
	1	Eisiatar an duine inchánach arna iarraidh sin nó *ex officio* agus níl coinne le haon ghníomhaíocht inchánach a) Tá fógra tugtha ag an duine inchánach nó, i gcás inarb ábhartha, ag an idirghabhálaí a ghníomhaíonn thar a cheann, don Bhallstát aitheantais nach bhfuil an duine inchánach i mbun soláthairtí seirbhísí agus/nó earraí ná aistrithe a chumhdaítear leis an scéim speisialta a thuilleadh; b) Glacann an Ballstát aitheantais leis go bhfuil deireadh curtha le gníomhaíochtaí inchánacha an duine inchánach a chumhdaítear leis an scéim speisialta.	Eisiatar an t-idirghabhálaí arna iarraidh sin nó *ex officio* agus níl coinne le haon ghníomhaíocht inchánach. a) Níor ghníomhaigh an t-idirghabhálaí mar idirghabhálaí thar ceann aon duine inchánach a bhain úsáid as an scéim allmhairiúcháin ar feadh tréimhse dhá ráithe féilire chomhleanúnacha; b) Ní chomhlíonann an t-idirghabhálaí na coinníollacha is gá chun gníomhú sa cháil sin a thuilleadh; c) D'iarr an t-idirghabhálaí dá dheoin féin scor de ghníomhú mar idirghabhálaí.
	3	Eisiatar an duine inchánach arna iarraidh sin nó *ex officio*, agus tá coinne le gníomhaíochtaí inchánacha go fóill. a) D'iarr an duine inchánach nó an t-idirghabhálaí a ghníomhaíonn thar a cheann an scéim a fhágáil dá dheoin féin; b) Ní chomhlíonann an duine inchánach na coinníollacha is gá chun úsáid a bhaint as an scéim speisialta a thuilleadh; c) Tugann an duine inchánach fógra go bhfuil sé beartaithe aige a bheith sainaitheanta i mBallstát aitheantais nua.	Eisiatar an t-idirghabhálaí arna iarraidh sin nó *ex officio*, agus tá coinne le gníomhaíochtaí go fóill. Tugann an t-idirghabhálaí fógra go bhfuil sé beartaithe aige a bheith sainaitheanta i mBallstát aitheantais nua.
	4	Teipeann go seasmhach ar an duine inchánach rialacha na scéime speisialta a chomhlíonadh.	Teipeann go seasmhach ar an idirghabhálaí rialacha na scéime speisialta a chomhlíonadh.

IARSCRÍBHINN III

Tuairisceáin CBL

		Scéim			
A	B	C	D	E	F
Uimh. an bhosca	Eilimint sonraí	nach scéim Aontais í	an Aontais	Allmhairiúcháin	Aistrithe
Cuid 1: Faisnéis ghinearálta					
1	Uimhir aitheantais aonair CBL arna leithdháileadh ag an mBallstát aitheantais i gcomhréir le hAirteagal 362 de Threoir 2006/112/CE	X			
1	Uimhir aitheantais aonair CBL arna leithdháileadh ag an mBallstát aitheantais i gcomhréir le hAirteagal 369d agus Airteagal 369xd de Threoir 2006/112/CE, lena n-áirítear cód tíre		X		X
1	Uimhir aitheantais aonair CBL arna leithdháileadh ag an mBallstát aitheantais i gcomhréir le hAirteagal 369q(1) nó (3) de Threoir 2006/112/CE			X	
1a	Má dhéanann idirghabhálaí ionadaíocht ar an duine inchánach, uimhir aitheantais an idirghabhálaí sin a leithdháiltear i gcomhréir le hAirteagal 369q(2) de Threoir 2006/112/CE			X	
2	Tréimhse chánach ([1])	X	X	X	X
2a	Dáta tosaigh agus dáta deiridh na tréimhse ([2])	X	X	X	X
2b	Uimhir thagartha uathúil arna leithdháileadh ag an mBallstát aitheantais ([3])	X	X	X	X
Cuid 2: Le haghaidh gach Ballstáit tomhaltais ina bhfuil CBL dlite/ Le haghaidh gach Ballstáit a n-aistrítear earraí chuige					
2(a) Seirbhísí a sholáthraítear ón mBallstát aitheantais agus buanbhunaíocht ghnó/ buanbhunaíochtaí gnó lasmuigh den Aontas; Soláthairtí seirbhísí i gcomhréir le hAirteagal 26 de Threoir 2006/112/CE, tar éis aistriú earraí dílse faoin scéim i dtaca le haistriú earraí dílse 2(b) Ciandíol earraí laistigh den Chomhphobal ón mBallstát aitheantais; Soláthairtí earraí gan seoladh ná iompar nó i gcás ina dtosaíonn agus ina gcríochnaíonn an seoladh nó an t-iompar sa Bhallstát aitheantais, mura bhfuil buanbhunaíocht ghnó sa Bhallstát sin ([4]) ([5]); Soláthairtí earraí i gcomhréir le hAirteagail 16 agus 18 de Threoir 2006/112/CE, tar éis aistriú earraí dílse faoin scéim i dtaca le haistriú earraí dílse 2(c) Aistrithe earraí dílse ón mBallstát aitheantais		**X**		**X**
3.1	Cód tíre an Bhallstáit tomhaltais/ an Bhallstáit a n-aistrítear earraí chuige ([6])	X	X	X	X
4.1	Bonn cánach na n-earraí a aistríodh				X

		Scéim			
A	B	C	D	E	F
Uimh. an bhosca	Eilimint sonraí	nach scéim Aontais í	an Aontais	Allmhairiúcháin	Aistrithe
5.1	Bonn cánach	X	X	X	
6.1	Cineál ráta laghdaithe nó chaighdeánaigh CBL, nó díolúnaithe le ceart asbhainte ([7])	X	X	X	
7.1	Ráta CBL ([8])	X	X	X	
8.1	Méid iomlán CBL	X	X	X	
9.1	An méid iomlán CBL is iníoctha i leith soláthairtí seirbhísí a dhearbhaítear i gcuid 2a agus soláthairtí earraí a dhearbhaítear i gcuid 2b	X	X	X	
2(d)	**Seirbhísí a sholáthraítear ó bhuanbhunaíochtaí gnó i mBallstáit seachas an Ballstát aitheantais;**				
2(e)	**Ciandíol earraí laistigh den Chomhphobal ó Bhallstát seachas an Ballstát aitheantais; soláthairtí earraí gan seoladh ná iompar nó i gcás ina dtosaíonn agus ina gcríochnaíonn an seoladh nó an t-iompar i mBallstát seachas an Ballstát aitheantais, mura bhfuil buanbhunaíocht ghnó sa Bhallstát sin** ([4]) ([5]);		**X**		**X**
2(f)	**Aistrithe earraí dílse ó Bhallstát seachas an Ballstát aitheantais**				
10.1	Uimhir aitheantais aonair CBL na buanbhunaíochta gnó nó, mura bhfuil sí ar fáil, uimhir thagartha chánach, lena n-áirítear cód tíre ([9]):		X		X
	— óna ndéantar soláthairtí seirbhísí; nó		X		
	— óna seoltar nó óna n-iompraítear earraí; nó		X		
	— óna n-aistrítear earraí.				X
	Uimhir aitheantais aonair CBL/ uimhir thagartha chánach gan buanbhunaíocht ghnó sa Bhallstát óna soláthraítear earraí/ina soláthraítear earraí ([9])		X		
	Uimhir aitheantais aonair CBL/ uimhir thagartha chánach gan buanbhunaíocht ghnó sa Bhallstát óna n-aistrítear na hearraí ([9])				X
	Cód tíre an Bhallstáit óna ndéantar earraí a sholáthar/a aistriú ([9]), in aon chás de na cásanna seo a leanas: — i gcás ina ndéantar na soláthairtí earraí i gcomhréir le hAirteagal 14a(2) de Threoir 2006/112/CE; — i gcás nach bhfuil aitheantas CBL ag an duine inchánach sa Bhallstát óna soláthraítear earraí/ina soláthraítear earraí; — i gcás nach bhfuil aitheantas CBL ag an duine inchánach sa Bhallstát óna n-aistrítear earraí.		X		X

		Scéim			
A	B	C	D	E	F
Uimh. an bhosca	Eilimint sonraí	nach scéim Aontais í	an Aontais	Allmhairiúcháin	Aistrithe
11.1	Cód tíre an Bhallstáit tomhaltais/ an Bhallstáit a n-aistrítear earraí chuige ([10])		X		X
12.1	Bonn cánach na n-earraí a aistríodh				X
13.1	Bonn cánach		X		
14.1	Cineál ráta laghdaithe nó chaighdeánaigh CBL, nó díolúnaithe le ceart asbhainte ([7])		X		
15.1	Ráta CBL ([11])		X		
16.1	Méid iomlán CBL		X		
17.1	An méid iomlán CBL is iníoctha i leith soláthairtí seirbhísí a dhearbhaítear i gcuid 2d agus soláthairtí earraí a dhearbhaítear i gcuid 2e		X		
2(g)	**Coigeartú asbhainte d'earraí a aistríodh i gcomhréir leis an scéim i dtaca le haistriú earraí dílse**		**X**		
18.1	Cód tíre an Bhallstáit tomhaltais ([12])		X		
19.1	An méid CBL is iníoctha i leith gach coigeartaithe asbhainte ([13])				
20.1	Toisc/tosca as a dtagann gach coigeartú arna chinneadh ag an mBallstát ábhartha ([14])		X		
21.1	I gcás earraí caipitil, dáta tosaigh na tréimhse coigeartúcháin tar éis an aistrithe		X		
22.1	Méid iomlán CBL is iníoctha i leith coigeartú asbhainte		X		
2(h)	**Comhiomlán na soláthairtí arna ndearbhú faoi chodanna 2(a), 2(b), 2(d), 2(e) agus 2(g)**		**X**		
23.1	An méid iomlán CBL is iníoctha (Bosca 9.1 + Bosca 17.1 + Bosca 22.1) ([15])		X		
	Cuid 3: Le haghaidh gach Ballstáit tomhaltais, le haghaidh gach Ballstáit a n-aistrítear earraí chuige, a ndéantar ceartúcháin air				
24.1	Tréimhse chánach ([1])	X	X	X	X
25.1	Cód tíre an Bhallstáit óna n-aistrítear na hearraí				X
26.1	Cód tíre an Bhallstáit tomhaltais, cód tíre an Bhallstáit a n-aistrítear earraí chuige	X	X	X	X
27.1	Méid iomlán CBL a eascraíonn as ceartúcháin ar sholáthairtí ([16])	X	X	X	
28.1	An méid inchánach a eascraíonn as ceartúcháin ar aistrithe ([16])				X

		Scéim			
A	B	C	D	E	F
Uimh. an bhosca	Eilimint sonraí	nach scéim Aontais í	an Aontais	Allmhairiúcháin	Aistrithe
29.1	Cúiseanna leis an gceartúchán ([17])	X	X	X	X
Cuid 4: Iarmhéid CBL atá dlite le haghaidh gach Ballstáit tomhaltais					
30.1	Méid iomlán CBL dlite lena n-áirítear ceartúcháin ar thuairisceáin roimhe seo in aghaidh an Bhallstáit (Bosca 23.1 + Bosca 27.1) ([15])	X	X	X	
Cuid 5: An méid iomlán CBL atá dlite le haghaidh na mBallstát tomhaltais uile					
31	An méid iomlán CBL dlite le haghaidh na mBallstát uile (Bosca 30.1+ 30.2. …) ([18])	X	X	X	

([1]) Maidir le scéim an Aontais agus leis an scéim nach scéim Aontais í, baineann an tréimhse chánach le ráithí féilire: R1.bbbb – R2.bbbb – R3.bbbb – R4.bbbb. Maidir leis an scéim allmhairiúcháin agus leis an scéim i dtaca le haistriú earraí dílse, baineann an tréimhse chánach le míonna féilire: M01.bbbb – M02.bbbb – M03.bbbb – etc.

([2]) Le líonadh isteach i gcásanna ina dtíolacann an duine inchánach níos mó ná tuairisceán CBL amháin le haghaidh na tréimhse cánach céanna, agus sna cásanna sin amháin. Baineann le laethanta féilire: ll.mm.bbbb – ll.mm.bbbb.

([3]) Is éard a bheidh san uimhir thagartha uathúil arna leithdháileadh ag an mBallstát aitheantais, cód tíre an Bhallstáit aitheantais/uimhir aitheantais CBL/tréimhse — i.e. CZ/xxxxxxxxx/Q1.bbbb (nó /M01.bbbb le haghaidh na scéime allmhairiúcháin) + stampa ama a chur leis. Is é an Ballstát aitheantais a shannfaidh an uimhir sula dtarchuirfear an tuairisceán chuig na Ballstáit eile lena mbaineann.

([4]) Lena n-áirítear soláthairtí a éascaítear le comhéadan leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 14a(2) de Threoir 2006/112/CE, cé go bhfuil an comhéadan leictreonach bunaithe sa Bhallstát sin.

([5]) Lena n-áirítear soláthairtí earraí i gcomhréir le hAirteagail 36, 37 agus 39 de Threoir 2006/112/CE.

([6]) I gcás ina bhfuil níos mó ná Ballstát tomhaltais amháin ann/ nó níos mó ná Ballstát amháin ann a n-aistrítear earraí chuige , úsáid boscaí 3.2 go 9.2, etc.

([7]) I gcomhréir le hAirteagail 98, 101a, 105a agus 151.

([8]) I gcás ina gcuirtear níos mó ná ráta amháin i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairisceáin, úsáid boscaí 5.x.2, 6.x.2, 7.x.2, 8.x.2, etc. I gcás ina bhfuil díolúine lena ngabhann ceart asbhainte ag an soláthar, ba cheart ráta 0 % a lua.

([9]) I gcás ina bhfuil níos mó ná buanbhunaíocht ghnó amháin, uimhir aitheantais gan buanbhunaíocht ghnó amháin, cód tíre amháin ann, úsáid bosca 10.2 go 17.2, etc.

([10]) I gcás ina bhfuil níos mó ná Ballstát tomhaltais amháin/ níos mó ná Ballstát amháin ann a n-aistrítear earraí chuige, úsáid boscaí 11.x.2 go 17.x.2, etc.

([11]) I gcás ina gcuirtear níos mó ná ráta amháin i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairisceáin, úsáid boscaí 13.x.x.2, 14.x.x.2, 15.x.x.2, 16.x.x.2, etc. I gcás ina bhfuil díolúine lena ngabhann ceart asbhainte ag an soláthar, ba cheart ráta 0 % a lua.

([12]) I gcás ina bhfuil níos mó ná Ballstát tomhaltais amháin ann, úsáid boscaí 18.2, 19.2, 20.2, 21.2.x, 22.2.x etc.

([13]) I gcás ina bhfuil níos mó ná coigeartú amháin ann in aghaidh an Bhallstáit tomhaltais, úsáid boscaí 19.x.2 agus 20.x.2, etc.

([14]) Liosta réamhshainithe cúiseanna amhail athrú úsáide; úsáid le haghaidh díolúine gan asbhaint; eile.

([15]) I gcás ina bhfuil níos mó ná Ballstát tomhaltais amháin ann, úsáid boscaí 9.2 + 17.2 + 22.2 etc. agus boscaí 23.2 + 27.2, etc.

([16]) D'fhéadfadh an méid sin a bheith diúltach.

([17]) Liosta réamhshainithe cúiseanna amhail an t-idirbheart a neamhniú (e.g. earraí a thabhairt ar ais), earráid i rátaí CBL, mionsonraí míchearta idirbheart (e.g. seirbhísí seachas earraí, earráidí sa mhéid inchánach, airgeadra, Ballstát tomhaltais mícheart), eile.

([18]) Ní féidir méideanna diúltacha i mboscaí 30.1, 30.2, etc. a chur san áireamh.'